

❖ An Lúibín ❖

31 Lúnasa 2021

Comórtas

Tá Gaeilge le fáil i Manchain Shasana fós (bhí neart cainteoirí ann sa 19ú haois) agus í á saothrú. Fuair eamar fógra faoi Chomórtas Scríbhneoireachta Mhanchain 2021 leis an spriocdháta 24 Meán Fómhair 2021.

Beidh na hiontrálacha bunaithe ar an téama 'Ceiliúradh'. Mar is gnách, beidh dhá chatagóir ar fáil – Filíocht agus Gearrscéalta. Beidh aoi-údar ann mar bhreitheamh agus roghnóidh na buaiteoirí ó ghearrliosta. Fógrófar na buaiteoirí le linn fhéile Ealaíon Manchain 2021.

Bronnfar na duaiseanna seo a leanas ar gach catagóir: An chéad áit: £50, an dara háit: £25. In 2020, bhuaigh Pádraig Fhia Ó Mathúna (Gaillimh) an comórtas gearrscéalta leis an scéal 'Cuimhní na cille' agus bhuaigh Niall Ó Siadhail (London) an Comórtas Filíochta lena dhán 'Filleadh'.

Is féidir na rialacha agus an foirm iontrála a fháil ag <https://comortasscribhneoireacht.wordpress.com/>. Le tuilleadh eolas agus íomhánna a fháil, seol ríomhphost chuig Pat McGuinness ag patrick.mcguinness@outlook.com.



Bac ar an ngaelscolaíocht

The demand for education through Irish in Ireland is not matched by the supply, particularly at secondary level. The Education Department prefers Irish-language units embedded in English-medium schools, despite doubts as to their efficacy.

Bheadh suim ag a lán léitheoirí i gcúpla píosa a foilsíodh ar *Tuairisc.ie* faoin srian atá á chur ar an ngaelscolaíocht in Éirinn, rud atá ina bhac ar neartú na Gaeilge go domhanda. Deirtear gur ar éigean go bhfuil méadú tagtha ar chéatadán na ndaltaí atá ag fáil oideachas lán-Ghaeilge le tamall de bhlianta anuas. 58,717 dalta atá ag fáil oideachas lán-Ghaeilge, figiúr is ionann is 6% de dhaltaí an Stáit - 8% de dhaltaí bunscoile agus gan ach 3.6% de dhaltaí iarbhunscoile (sin níos lú ná 14,000 dalta iarbhunscoile, idir scoileanna lán-Ghaeltachta agus scoileanna Gaeilge in áiteanna eile). Ní mór a chuimhneamh gur i mBéarla a mhúintear gach ábhar i roinnt mhaith d'iarbhunscoileanna sa Ghaeltacht oifigiúil, ní nach ionadh agus an Ghaeilge ag cúlú gan stad ann leis na blianta fada.

Dealraíonn sé nach gcuireann seo dath mairge ar an Roinn Oideachais. Tá lé aici leis na aonaid Ghaeilge ar champais Bhéarla agus méadú mór ar líon na ndaltaí a bhí ag freastal ar aonaid dá leithéid (11,657 in 2016 le hais 13,597 in 2020). Is beag nach ionann an méid daltaí atá ag freastal ar aonaid Ghaeilge is atá ag freastal ar iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Ach taispeánann seo go bhfuil éileamh mór ar ghaelscolaíocht iomlán nach féidir a shásamh de cheal scoileanna lán-Ghaeilge. Is léir nach réiteach sásúil é an t-aonad Gaeilge agus Béarla á bhrú ar na daltaí ag an gcuid eile den scoil.

Maítear, de réir líon na ndaltaí ar diúltaíodh dá n-iarratas freastal ar scoil lán-Ghaeilge, go mbíonn 300,000 daltaí ag iarraidh a leithéid de scolaíocht.

- <https://tuairisc.ie/fas-an-oideachais-lan-ghaeilge-ina-lanstad-figiuri-nua/>
- <https://tuairisc.ie/udar-mor-imni-do-lucht-an-ghaeloideachais-an-fas-ata-tagtha-ar-lion-na-ndaltai-ata-ag-freastal-ar-aonaid-ghaeilge-i-scoileanna-bearla/>



Fionn agus an fear sa chrann

'Fionn and the man in the tree' is an Old Irish text surviving in a 16th century copy. The legendary hero falls out with his servant over a woman and pursues him into a wood to find him ensconced in a tree. The story contains several archetypal motifs.

Níl ach leagan amháin den scéal seo ann agus é le fáil i lámhscríbhinn de chuid an bÚ haois i gColáiste na Tríonóide. Níl críoch an scéil ann. Ba é Kuno Meyer a chuir in eagar ar dtús é agus foilsíodh é ar *Revue Celtique*, Iml. 25, 1904, lgh 344–349. Tá an t-eagrán sin den scéal le fáil mar a leanas:

<https://celt.ucc.ie/published/G303012/text002.html>

<https://celt.ucc.ie/published/G303012/text003.html>

<https://celt.ucc.ie/published/G303012/text004.html>

<https://celt.ucc.ie/published/G303012/text005.html>

Tá an scéal tiontaithe anseo go Gaeilge nua-aimseartha. Is fiú aird ar leith a thabhairt ar an bhfocal *imbas*, focal a bhfuil an-tábhacht leis sa téacs Sean-Ghaeilge, agus a chiallaíonn *eolas mór; féith na filíochta; réamheolas; draíocht*. Iomas an leagan atá againn sa Nua-Ghaeilge - an fhírinne a bhrath díreach gan réasúnaíocht. Ní mar a chéile ar fad an dá fhocal, ach tá cosúlacht eatarthu.

Is amhlaidh a rinne Fionn Ó Baiscne. Nuair a bhí an Fhiann ar bhruach na Siúire chuaigh Cúldubh mac Uí Bhirgge amach as sí ar Fheamhan (ut Scotti dicunt) go mbeireann a gcuid bia bhruite¹ uathu. Le trí oíche a dhéanann sé dóibh é. An tríú huair bhí a fhios ag Fionn agus chuaigh sé roimhe go dtí an sí ar Fheamhan. Ghabh Fionn é agus é ag dul isteach sa sí agus thit sé anall. Nuair a tharraing Fionn a lámh uaidh bhuaíl bean leis as an sí agus eascra fliuch ina láimh tar éis deoch a dháileadh agus bhrúigh sí an chomhla leis an sí agus dhruid Fionn a mhéar idir an chomhla agus an ursain. Ansin chuir sé a mhéar ina bhéal. Nuair a thug sé a mhéar amach arís thosaigh sé dícheadal. Shoilsigh iomas é agus deir sé...²

Tamall ina dhiaidh sin rug an Fhiann leo mná ina mbránna as Dún Iascaigh i dtír na nDéise. Rug siad iníon dlainn leo. Bhí meanma Fhinn leis an mbean. Bhí meanma na mná leis an ngiolla a bhí leo .i. Dearg Corra mac Uí Dhaighre. Mar ba é seo a ghntómh, fad is a bhí an bia á fhuineadh rinne an giolla léim agus athléim thar an teallach. Tríd sin a thug an iníon grá dó, agus dúirt sí leis lá teacht chuici agus lúí léi. Níor aontaigh Dearg Corr leis sin ar son Fhinn. [...] ³ Ghríosaigh sí Fionn agus dúirt: D'éignigh sé mé! Ansin dúirt Fionn leis: Éirigh as seo, a dúirt sé, agus imigh uaim, agus beidh cairde trí lá agus trí oíche agat, agus seachain thú féin orm as sin amach.

Ansin chuaigh Dearg Corra ar deoraíocht agus lonnaigh i gcoill agus d'ímíodh ar lorgaí fia (más fíor) ar a éadroime. Lá amháin agus Fionn sa choill ar a thóir chonaic Fionn an fear in uachtar an chrainn agus lon dubh ar a ghualainn dheas agus fionnleasta⁴ cré-umha ar a láimh chlé agus é lán d'uisce agus breac beoga ann agus damh alla faoi bhun an chrainn; agus ba é nós an fhir cnó a scoilteadh, agus thugadh sé leath eithne an chnó don lon dubh a bhí ar a ghualainn dheas agus d'itheadh sé féin an leath eile. Agus thógadh sé úll as an leasta cré-umha a bhí ar a láimh chlé agus roinneadh sé ina dhá chuid é agus thugadh a leath don damh alla a bhí faoi bhun an chrainn. Ansin d'itheadh sé an leath eile agus d'óladh sé bolgam beag den uisce as an leasta cré-umha a bhí ar a láimh go mba chomh-ól dó leis an mbreac agus leis an damh agus leis an lon dubh. Ansin d'fuaifraigh a mhuintir d'Fhionn cé bhí sa chrann, mar níor aithin siad é de bharr na cealtrach⁵ ceilteanaís a bhí uimhe. Ansin chuir Fionn a ordóg ina bhéal. Nuair a thug sé amach arís í shoilsigh a iomas é agus chan sé dícheadal agus dúirt (...):⁶ 'Dearg Corra mac Uí Dhaighre,' a dúirt sé, 'atá sa chrann'.

Tá sé áitithe ag scoláirí áirithe (féach Sayers thíos) gur fhág idir an Chríostaíocht agus an traidisiún dúchasach a rian ar an scéal seo, ag cur i gcuimhne dúinn na Croiche Céasta agus na hEocairiste, nó gur féidir Dearg Corra a cheangal le neacha aircitíopúla amhail an dia beannach Cernunnos (mar Thiarna na nAinmhithe). Seo againn fear i mbarr crainn, lon dubh ar a ghualainn, damh thíos faoi agus breac i leasta cré-umha, agus áitítear gur féidir an lon dubh a shamhlú leis an aer, an damh leis an talamh agus an breac leis an saol faoi thalamh agus faoi uisce mar chomhartha cosmach agus cultúrtha. B'fhéidir a rá gur tagairt don aos sí an leasta cré-umha. Tá an leagan amach cosmach le fáil freisin sna tréanna – trí chompánach Dhearg Corra, mar shampla. Áitítear go bhfuil bile (crann naofa) déanta den chrann ag Dearg Corra mar thearmann: comhartha cosmach eile.

Féach William Sayers (Cornell University), "'Finn and the Man in the Tree'" Revisited, 4/10/2013, *e-Keltoi* : *Journal of Interdisciplinary Celtic Studies*, Volume 8 Religion and Ideology, Article 2: <https://dc.uwm.edu/cgi/viewcontent.cgi?article=1040&context=ekeltoi>.



¹ 'Fulacht' (poll cócaireachta) atá sa bhunleagan.

² Brí dhoiléir leis an méid a leanas: *Tair Femen fuigial formuig meis mui muic cetson sirchrand sirlúath laith find sra aulad Cúluidh chanmae.*

³ *Atageai domnid dó: brí dhoiléir leis.*

⁴ Leasta – ártach, tobán.

⁵ Cealtair, *gin*. cealtrach.

⁶ Brí dhoiléir leis an méid a leanas: *Con fri lon lethcno contethain cotith in dithraib Dercc Corra comól fri hich ni ba filliud fabaill a uball fin mblais cona fircarbaith mac úi co dedail Daigre.*

An Afganastáin

Afghanistan has been an arena for proxy wars, a place of warring foreign strategies, seen too often only in the context of Western preoccupations. The Taliban, though brutal and dogmatic, represent a native resurgence. But their country is complicated and not easy to rule, even for them: there are Afghans (women especially) with modern aspirations, the warlords demand a say, there are many ethnic groups, and Islamic State present a rival claim.

Is iomaí ladar a cuireadh i mias ilchineálach na hAfganastáine – ladar na Rúiseach, na mBriotanach, na Meiriceánach, na bPacastánach. Anois tá dream dúchasach, an Talaban, ar ais i réim. Ach beidh sé deacair acu fanacht ann gan tacaíocht ó phobail uile na tíre, agus is iomaí pobal ann. Deireadh eachtra, tús eachtra.⁷

Beag an t-ionadh go bhfuil muintir na gcathrach scanraithe agus an oiread sin daoine oilte ina measc, dlíodóirí, acadóirí, lucht riaracháin agus a lán ban ina measc – dream nach bhfuil gean acu ar fhir righne na ngunnaí. Mná go háirithe, agus fáil acu go dtí seo ar níos mó saoirse, ar ardoideachas agus ar phoist; daoine a bhí ag obair leis na fórsaí forghabhála; mionphobail a fuair cosaint éigin. Bhí daoine ann a bhain tairbhe as obair eagraíochtaí cabhrach, agus daoine a fuair brabach as airgead eachtrannach (agus tithe móra tógtha ag cuid acu i gceantar galánta Kabul). Scéal eile é, mórán, amuigh faoi tuath, áit a bhfuil an chuid is mó den phobal le fáil agus taithé acu ar idirbheartaíocht a dhéanamh le trodairí agus le taoisigh.

Éilliú, corbadh, caimiléireacht – cibé focal is rogha leat, bhí an rud féin fite fuaite i rialtas na hAfganastáine ag gach leibhéal. Choinnigh feidhmeannaigh agus polaiteoirí pá na bpóilíní agus na saighdiúirí acu féin; díoladh páirteanna ó ghluasteáin phóilíneachta; goideadh airgead cabhrach; glacadh breabanna ó ghnólachtaí iompair agus d'íoc na gnólachtaí céanna an Talaban féin. Bhí an rialtas scoilte ina bhfaicsin agus gan radharc acu ar an rud a bhí rompu. Easpa ullmhaithe, easpa straitéise.

B'ionadh le daoine gur chlis fórsaí na hAfganastáine chomh gasta sin. Ach ba dhona é cás na saighdiúirí. Iad in easnamh armlóin, bia, pá. Ach lean siad orthu ag troid agus maraíodh na mílte acu. Ba bheag an t-ionadh, áfach, dá dtiocfadh lagú meanman orthu tar éis an tsaoil.

Tháinig na Taliban amach sna 1990idí luatha i dtuaisceart na Pacastáine tar éis imeacht na Sóivéadach. Fáisceadh iad as na mujahedín a fuair cúnaimh ón CIA i gcoinne an Aontais Shóivéadaigh, dream a fuair a gcuid oideachais i scoileanna bunchreidmheacha sa Phacastáin agus a thug leo claonleagan dian den dlí Ioslamach. Seachchogadh a bhí ar siúl san Afganastáin, ach ba chogadh géar é: d'fhág sé trí mhilliún teifeach ina gcónaí i bpubaill ar an teorainn. Rinne an CIA, MI6 agus seirbhís rúnda na Pacastáine beagnach 100,000 mujahedín as daichead tír a earcú agus a mhaoiniú. Caitheadh an t-uafás airgid ach bhí a thuilleadh ag teastáil: chuir na mujahedín na feirmeoirí ag saothrú codlaidín agus chuir na Pacastánaigh na céadta saotharlanna hearóine ar fud na hAfganastáine, rud ba chúis le méadú ollmhór ar líon na n-andúileach sa Phacastáin féin. Rinne sin brabach de \$100 billiún ar a laghad, airgead a caitheadh ar airm agus ar oiliúint.

In 1995 tháinig an Talaban aníos, iad á maoiniú ag na Pacastánaigh agus páirtithe polaitiúla sa Phacastáin ag tacú leo. Faoi 1998 bhí an chuid is mó den tír faoi smacht acu (sheas Comhaontas an Tuaiscirt an fód fós) agus fáilte romhaibh sa mhéid gur chuir siad deireadh le breabaireacht, gadaíocht, dúnmharú agus éigniú, coireanna a bhí coitianta faoi riall na dtaoiseach traidisiúnta (cé go raibh na taoisigh chéanna sásta taobh leis an Talaban ó am go ham). Ach choisc siad ceol, teilifís agus scannáin; bhásaigh siad daoine (adhaltraigh agus eile) os comhair an phobail agus (cé nach raibh siad i gcoinne oideachais do chailíní óga) bhac siad ar chailíní leanúint dá gcuid scolaíochta tar éis deich mbliana d'aois. B'éigean do mhná iad féin a cheilt agus ceileadh ardphoist orthu. Tá bealach mín le cuid de na Talabanaigh an uair seo agus cuid eile atá garbh ina mbéasa go fóill: d'admhaigh urlabhra gur ghá comhairle a thabhairt dóibh siúd gan drochíde a thabhairt do mhná.

Ba ghearr réim na dTalabanaigh an uair sin. Al-Qaeda a tharraing na Meiriceánaigh agus a gcairde isteach in 2001. Theip ar an Talaban an fód a sheasamh, agus chuir na comhghuaillithe rialtas nua ar bun. Tháinig fórsaí eachtrannacha isteach faoi choimirce NATO agus na Meiriceánaigh chun tosaigh mar lámh ar áirithe, cé gur thug cuid de na fórsaí speisialta (Astrálaigh, Briotanaigh, Meiriceánaigh, Ceanadaigh) a náire le drochiompar. Baineadh an-fheidhm as cumhacht aeir, agus fuair na mílte sibhialtach bás i gcroí an chogaidh – iad á marú 'go teagmhasach'.

I measc na dtráchtairí a chaith tamall san Afganastáin tá Aralt Mac Giolla Chainnigh, Gaeilgeoir ó Cheanada a bhí ar dualgas san Afganastáin in 2008, ag scrúdú lorg na troda ar phobal na tíre. (Féach agallamh thíos a rinne sé le *Tuairisc.ie.*) Rinne sé amach nach arm eachtrannach a bhí ag teastáil ach 'eagraíocht forbartha a mbeadh cumas féinchosanta aici' agus í in ann droichid agus scoileanna a thógáil, bia a dháileadh agus mar sin de. Luann sé cuid de phobail na tíre - Paistiúnaigh, Táidsíceastánaigh, Hasáraigh, Turcamánaigh – agus deir go dtig leo a gcuid fadhbanna féin a réiteach ach ligean dóibh. Ní thig leo, áfach, na fadhbanna a rinne eachtrannaigh a fhuascailt. Tá moladh níos dána aige: tabhair ar ais don Afganastáin na ceantair sa Phacastáin a baineadh uaithe.

⁷ Ba cheart a rá go raibh suim ag eagarthóir *An Lúbín* sa tír i bhfad sular thosaigh an eachtra is déanaí.

Deir sé gurb í Abhainn na hÍondúise an teorainn nádúrtha san oirthear agus an tAigéan Indiach an teorainn nádúrtha sa deisceart. Tá Paistiúnaigh agus Balúcaigh sa dá tír: ba chóir iad a aontú san Afganastáin féin. (Ba iad na Briotanaigh a rinne an teorainn sna 1890idí leis an 'Durand Line' agus gan aird acu ar an taobh eitneach den scéal. Ní dócha, ar ndóigh, go ligfeadh an Phacastáin uaithi na críocha atá i gceist.) Aisteach go leor, d'aontódh na Talabanaigh féin le mo dhuine, ós Paistiúnaigh a bhformhór (agus cuimhnimis gurb iad an pobal is mó sa tír iad). Níl dearmad déanta acu ar a gcairde gaoil thar teorainn.

Mar a deir Aralt, bhí lucht cabhrach san Afganastáin a bhí a seacht dícheall ag iarraidh saol na ndaoine a fheabhsú. Orthu sin bhí Nua-Shéalannach mná, Marianne Elliott, a scríobh leabhar faoin obair a rinne sí d'eagraíocht neamhrialtais agus do na Náisiúin Aontaithe. Í ag déileáil le fuadach, le dúnmharú, le drochíde do mhná. Í ag caint le comhghuaillí a dúirt nach ndearna fiosrú ar shárú cearta daonna ach iaróg a chothú agus gur thábhachtaí slándáil agus socracht. Íogaireacht agus castacht saoil eile ina timpeall, féile agus seanchrá. Agus í ina strainséir i gcónaí, strainséir na dea-mhéine.

Anois tá fonn ar na taoisigh áitiúla dul i gcomhairle leis an Talaban chun a gcumhacht féin a dhaingniú. Ar na sléibhte taobh thuaidh de Kabul tá an taoiseach Ahmad Massoud ag seasamh an fhóid. Tá craobh den Stát Ioslamach (IS Khorasan) ag iarraidh a gcumhacht a neartú san Afganastáin, rud nach dtaitníonn leis an Talaban. Agus tá dream oilte sna cathracha nach bhfuil bá ag a bhformhór le caolaigeantacht na dtiarnaí nua agus nach ngéillfidh di más féidir. Tá na Síningh ann agus an-suim acu i mianraí na tíre, cé go gcuireann an chontúirt isteach orthu.

I Meiriceá chuir an Ard-Chigire tuarascáil amach a rinne scagadh cruinn ar an gcliseadh. Rinne rialtas Mheiriceá múnla teicnealathach Iartharach a bhrú go ciotach ar institiúidí eacnamaíoch na hAfganastáine; d'oil sé fórsaí slándála in airm den saghas ba nua, airm nár thuig siad agus nárbh fhéidir leo caoi a choinneáil orthu fiú; bhrúigh sé dlíthe foirmiúla ar thír a réitíonn 80% nó 90% dá cuid easaontas trí idirbheartaíocht a dhéanamh; agus ba mhínic ba dheacair dó an bac cultúrtha agus sóisialta ar mhná agus ar chailíní a thuiscint nó a mhaolú.

Chuaigh sé rite le rialtas Mheiriceá straitéis réasúnach a chur i bhfeidhm. Theip air i gcónaí meas ceart a thabhairt ar an am ba ghá chun an tír a athneartú agus chaith sé airgead go gasta dá réir, rud a mhéadaigh caimiléireacht agus a lagaigh cláir. Bhíodh easpa slándála ag bacadh athneartú na tíre. Is annamh a dhéanadh gníomhaireachtaí rialtais athbhreithniú ar thoradh a gcuid oibre.

As fórsaí uile NATO san Afganastáin, is fórsaí Mheiriceá is mó a d'fhulaing dochar: 2,443 maraithe, 20,666 gortaithe. Chaill fórsaí na hAfganastáine féin 66,000 saighdiúir. Níor tháinig gnáthdhaoine na tíre slán: fuair 48,000 duine bás.

Agus tá dearcadh eile fós ann, ceann a thug Nesrine Malik le fios in *The Guardian*:

Níl i dtitim Kabul ach faill eile a ligeamar tharainn le hathmhachnamh a dhéanamh ar an nós atá againn díoltas a imirt go scioptha agus cúlú gan deifir. Ina áit sin, beidh mórán le rá ag na meáin faoinár gcás féin, faoi 'dhíomua' an Iarthair – an príomhpháirtí i gcónaí i dtubaiste a bhuail daoine eile amháin. Beidh óráidíocht bhreá arís i bParlaimint na Breataine faoi chuspóir morálach na hidirghabhála, agus cloisfidh tú trácht mór ar an bhfeall a rinneadh ar mhná na hAfganastáine. Ach is beag a déarfadh lucht bunaíochta faoi fhíornádúr an chogaidh sa tSúdáin, san Iaráic, san Afganastáin, cogadh a lig do dhream mór le rá sásamh a bhaint as dream beag le rá. Níor bhain sé le deireadh a chur leis an sceimhlitheoireacht ná le mná a shaoradh, ach le Cumhacht gan Teorainn a chur in iúl.

Andrew MacLeod, 'Taliban and Afghanistan - what next?' *The New Daily*, 23/8/2021: <https://thenewdaily.com.au/news/world/middle-east-news/2021/08/23/taliban-and-afghanistan-what-next/>

Cait Kelly, 'The rise, fall and resurgence of the Taliban in Afghanistan,' *The New Daily*, 16/8/2021: <https://thenewdaily.com.au/news/world/middle-east-news/2021/08/16/rise-of-taliban-afghanistan/>

Arundhati Roy, 'The algebra of infinite justice Arundhati Roy,' *The Guardian*, 29/9/2001: <https://www.theguardian.com/world/2001/sep/29/september11.afghanistan>

Edward Burke, 'How the Taliban won in a country of corruption,' *Irish Times*: <https://www.irishtimes.com/opinion/how-the-taliban-won-in-a-country-of-corruption-1.4650288>.

Andrew Hamilton, 'Why Afghanistan matters,' *Eureka Street*, 24/8/2021: https://www.eurekastreet.com.au/article/why-afghanistan-matters?utm_medium=email&utm_campaign=Eureka%20Street%20Daily%20-%20Thursday%2026%20August%202021&utm_content=Eureka%20Street%20Daily%20-%20Thursday%2026%20August%202021+CID_76a8eadac8eff3603914e42c8443f2d6&utm_source=Jescom%20Newsletters&utm_term=READ%20MORE.

'Le linn an ama a chaith mé san Afganastáin ní fhaca mé oiread is toradh dearfach amháin ar fhórsaí an iarthair a bheith ann' (agallamh le Aralt Mac Giolla Chainnigh), *Tuairisc.ie*, 18/8/21: <https://tuairisc.ie/ni-fhaca-se-oiread-is-toradh-dearfach-amhain-ag-teacht-as-forsai-an-iarthair-san-afganastain-iar-oifigeach-airm-a-doibrigh-in-kandahar/>.

Meghann Myers, 'Final inspector general report details all the ways the U.S. failed in Afghanistan,' *Military Times*, 17/8/2021: <https://www.militarytimes.com/flashpoints/afghanistan/2021/08/17/final-inspector-general-report-details-all-the-ways-the-us-failed-in-afghanistan/>.

Nesrine Malik, 'Why the West will learn no lessons from the fall of Kabul,' *The Guardian*, 23/8/2021.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Dánta agus mionscéalta le Colin Ryan. (Teachtaireacht, Cló Iar-Chonnacht 2015, *Corraí na Nathrach*, Coiscéim 2017, *Ceo Bruithne*, Cló Iar-Chonnacht 2019.)

Sa pháirc

Ag siúl sa pháirc idir glas agus glas
scairdeán ag rince roimh an earrach
le spleodar an dóchais
is scáth ag déanamh luíocháin romhat
ar chosán
ar fhéar
ag tuar an fhuachta

A mhalairt

Thug sé faoi deara ansin nárbh é an seomra céanna é ar tháinig sé isteach ann ach a mhalairt. Scairt sé a ainm féin agus ní bhfuair freagra. Bhailigh sé le chéile a chip is a mheanaithe agus d'imigh trí dhoras a d'oscail gan choinne roimhe.

Bláthú

Cíth is gealán
scáil fuinneog is féir ar chosán fliuch
scáil chosa an fhir
ag teacht le bláthfhleasc
ag siúl idir uisce is aer
ó shaol go saol

Gadaí

Tar éis gur ghoid sí é tháinig aithreachas uirthi, ach níorbh fhéidir léi é a thabhairt ar ais, ó bhí an teach úd ina fhothrach i gcathair scriosta. D'fhág sí faoi chloch é, rud maisiúil nach bhfeicfeadh súil dhaonna arís é.